Department of Education
www.education-ni.gov.uk

# TransformED

## Curaclam Thuaisceart Éireann 2028: Treoracha Gairide do Scoileanna

## TREOIR 3: AIDHM AGUS CUSPÓIRÍ AN CHURACLAIM NUA



# Cuspóir na treorach seo

Mínítear sa treoir seo aidhm agus cuspóirí beartaithe i gCuraclam Thuaisceart Éireann 2028 agus cad chuige gur cuid thábhachtach den leasú curaclaim iad.

Tá an curaclam nua dírithe ar chuspóirí. An rud atá i gceist leis seo ná go mbíonn cinntí fá ábhar curaclaim, creatlacha ábhair agus cumais uilig múnlaithe ag cuspóir oideachais atá sainithe go soiléir.

Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach tuiscint a fháil ar an aidhm agus na cuspóirí atá beartaithe mar go soláthraíonn siad an bunús don churaclam ar fad.

# Cad chuige a bhfuil an aidhm agus na cuspóirí tábhachtach?

Tá i bhfad níos mó i gceist le curaclam ná liosta ábhar nó inneachar ábhar léinn le teagasc. Cuireann an aidhm agus na cuspóirí an méid seo a leanas ar fáil:

- soiléireacht fá chuspóir an oideachais;
- comhleanúnachas ar fud an chórais oideachais;
- bunús fá choinne cinnteoireachta curaclaim; agus
- creat le heolas agus táithí a roghnú agus a sheicheamhú.

Is é sin le rá, cuidíonn siad lena chinntiú go bhfuil ábhar an churaclaim, an teagasc, an measúnú agus tosaíochtaí oideachais níos leithne ag obair i dtreo na spriocanna céanna.

Tá dlúthbhaint ag an aidhm agus na cuspóirí atá beartaithe leis na Cumais nua fosta. Déanann na Cumais cur síos ar na buanna agus na tréithe a bhfuiltear ag súil go bhforbróidh daltaí fríd churaclam saibhir atá leagtha amach go cúramach a fhoghlaim.

# Cad chuige ar chóir an aidhm reatha a leasú

Tá sé mar aidhm ag curaclam reatha Thuaisceart Éireann: "daoine óga a chumasú lena gcumas a bhaint amach agus cinntí feasacha agus freagracha a dhéanamh ar feadh an tsaoil."

Cé gur aithnítear san athbhreithniú ar an churaclam na hintinní dearfacha leis an ráiteas seo, ardaíodh imní fán fhrása "a gcumas a bhaint amach". Áitíodh san Athbhreithniú Straitéiseach gur féidir leis an teanga seo a thabhairt le fios, gan fhios dó, go bhfuil éacht duine aonair teoranta ag leibhéal seasta an chumais. D'fhéadfadh sé seo riosca a chruthú go laghdófar ionchais do roinnt foghlaimeoirí, go háirithe iad siúd ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste nó iad siúd a bhfuil deacrachtaí foghlama acu.

Leagadh béim san athbhreithniú ar an fhíric go mbíonn tionchar mór ag rochtain ar eolas, teagasc ardchaighdeáin agus deiseanna suntasacha foghlama ar ghnóthachtáil san oideachas. Mar sin de, ba cheart don churaclam creideamh a léiriú go leathnaíonn an t-oideachas raon eolais daoine óga, go leathnaíonn sé a bhféadann siad a dhéanamh agus a bhaint amach sa tsaol, seachas cuidiú leo teorainn réamhchinnte a bhaint amach.

# An aidhm atá beartaithe don churaclam nua

Is é aidhm bheartaithe Churaclam nua Thuaisceart Éireann 2028 ná:

"tacaíocht a thabhairt do na daoine óga lena gcumas féin a fhorbairt ach an t-eolas, na scileanna, agus na heispéiris a thabhairt daofa a chuirfeas ar a gcumas fíor-roghanna a ghlacadh agus iad a chumasú le cinntí siosmaideacha atá bunaithe ar eolas a dhéanamh le linn a saoil."

Léirítear roinnt téamaí tábhachtacha sa ráiteas seo.

# Cumais a fhorbairt

Tá sé mar aidhm ag an churaclam tacú le forbairt cumais a chuidíonn le daoine óga a bheith faoi bhláth san fhoghlaim, sa tsaol, san obair agus sa tsochaí.

**Eolas, scileanna agus taithí**

Cuireann an aidhm atá beartaithe eolas i gcroílár na foghlama agus aitheantas á thabhairt ag an am chéanna do thábhacht na scileanna agus na dtaithí.

Caithfidh rochtain a bheith ag daoine óga ar eolas a chuidíonn leo an domhan a thuiscint, páirt a ghlacadh sa tsochaí agus cinntí feasacha a dhéanamh. Ag an am chéanna, teastaíonn deiseanna uathu lena gcuid foghlama a chur i bhfeidhm fríd thaithí suntasach.

**Rogha agus neamhspleáchas fíor**

Is gné shuntasach den aidhm atá beartaithe an bhéim a chuirtear ar fhíor-roghanna.

Tá sé mar aidhm ag an churaclam eolas agus tuiscint a chur ar fáil do dhaoine óga a leathnóidh deiseanna amach anseo. Ba chóir don oideachas saoirse, neamhspleáchas agus rannpháirtíocht a mhéadú seachas féidearthachtaí a theorannú.

# Na cuspóirí atá beartaithe don churaclam nua

Mar aon leis an aidhm, ba chóir do gach duine óg forbairt:

- mar dhuine aonair;
- mar bhall den tsochaí;
- mar rannpháirtí sa gheilleagar;
- mar mhaor an chomhshaoil; agus
- mar fhoghlaimeoir ar feadh an tsaoil.

Taobh istigh de chóras a bhfuil súil aige le sármhaitheas agus nach gcuireann aon teorainn leis an mhéid is féidir le daoine óga a bhaint amach.

Léiríonn na cuspóirí seo dearcadh leathan agus cothrom ar an oideachas.

**Ag forbairt mar dhuine aonair**

Ba chóir don oideachas tacú le fás pearsanta, folláine, muinín agus féinthuiscint. Aithnítear sa churaclam nach gcuireann scoileanna le foghlaim acadúil amháin ach le forbairt féiniúlachta, carachtair agus sásaimh pearsanta fosta.

**Ag forbairt mar bhall den tsochaí**

Ba chóir go mbeadh daoine óga in ann páirt dhearfach a ghlacadh ina bpobail agus sa tsochaí i gcoitinne. Áirítear leis seo tuiscint a fháil ar rannpháirtíocht dhaonlathach, meas a bheith acu ar dhaoine eile, cur leis an tsaol shibhialta agus dul i ngleic leis an domhan mórthimpeall orthu.

**Ag forbairt mar rannpháirtí sa gheilleagar**

Ba chóir don churaclam cuidiú le foghlaimeoirí tuiscint a fháil ar shaol na hoibre agus an t-eolas agus na cumais a fhorbairt atá riachtanach le páirt a ghlacadh go rathúil sa tsaol eacnamaíoch.

Aithníonn an cuspóir seo an ról tábhachtach atá ag an oideachas maidir le daoine óga a ullmhú fá choinne fostaíochta agus rannpháirtíocht eacnamaíoch amach anseo.

**Ag forbairt mar chosantóir na timpeallachta**

Cuireann na cuspóirí atá beartaithe níos mó béime ar fhreagracht chomhshaoil ná mar atá sa churaclam reatha. Ba cheart go dtuigfeadh daoine óga an ról atá acu maidir le cúram a thabhairt don chomhshaol agus é a chothú agus a bheith in ann cinntí feasacha a dhéanamh fá dhúshláin agus deiseanna comhshaoil.

**Ag forbairt mar fhoghlaimeoir ar feadh an tsaoil**

Ceann de na leasuithe is suntasaí ná an tagairt shoiléir don fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Aithnítear sa churaclam nach gcríochnaíonn an fhoghlaim nuair a bhíonn an scolaíocht fhoirmiúil thart. Ba chóir do dhaoine óga an t-eolas, na meonta agus na cumais is gá a fhorbairt le leanúint ar aghaidh ag foghlaim ar feadh a saoil.

**Sármhaitheas gan teorainneacha**

Gné ríthábhachtach den churaclam atá beartaithe is ea go mbainfí úsáid as na cuspóirí atá beartaithe: "taobh istigh de chóras a bhfuiltear ag súil leis an tsármhaitheas agus nach gcuireann aon teorainn leis an mhéid is féidir le daoine óga a bhaint amach."

Léiríonn sé ionchais arda do gach foghlaimeoir agus ceistíonn sé aon toimhde go bhfuil teorainn ó dhúchas ag roinnt daltaí maidir lena bhféadann siad a bhaint amach. Cuireann an ráiteas freagracht ar an chóras oideachais féin fosta leis an teagasc, an tacaíocht agus an taithí foghlama is gá fá choinne ratha. Léiríonn sé seo tiomantas níos leithne TransformED le sármhaitheas agus cothromas a chomhcheangal.

# Cén tionchar atá aige seo ar scoileanna?

Tugann an aidhm agus na cuspóirí atá beartaithe an deis do scoileanna machnamh a dhéanamh ar chuspóir níos leithne a gcuraclam fosta. B'fhéidir gur mhaith leis na scoileanna an mhéid seo a leanas a mheas:

- an gcuireann a gcuraclam eolas ar fáil do dhaltaí a leathnaíonn deiseanna;
- cé chomh héifeachtach is a chuirtear forbairt phearsanta, saoránacht agus foghlaim ar feadh an tsaoil chun cinn;
- an mbíonn ionchais arda ag gach foghlaimeoir; agus
- conas a thagann forbairt cumais níos leithne chun cinn trí ábhar an churaclaim.

I gcás go leor scoileanna, d'fhéadfadh an aidhm atá beartaithe uaillmhianta atá ann cheana a threisiú agus creat níos soiléire agus níos uaillmhianaí a sholáthar do dhearadh curaclaim ag an am chéanna.

# Ceisteanna plé do scoileanna

1. Cé chomh hábhartha is atá na haidhmeanna agus na cuspóirí atá beartaithe dár bpobal scoile?
2. An bhfuil aon rud tábhachtach in easnamh ó na cuspóirí agus na haidhmeanna atá beartaithe?
3. Cé chomh maith agus a thacaíonn ár gcuraclam scoile reatha le daltaí a fhorbairt mar dhaoine aonair, mar bhaill den tsochaí, mar rannpháirtithe sa gheilleagar, mar mhaoir an chomhshaoil agus mar fhoghlaimeoirí ar feadh an tsaoil?
4. Maidir leis an aidhm agus na cuspóirí atá beartaithe, cad iad na gnéithe a mbeadh na himpleachtaí is mó acu maidir lenár bpleanáil curaclaim?

# Príomhtheachtaireacht

**Tá Curaclam Thuaisceart Éireann 2028 atá beartaithe dírithe go follasach ar chuspóirí. Is é an aidhm atá leis tacaíocht a thabhairt do na daoine óga lena gcumas féin a fhorbairt ach an t-eolas, na scileanna, agus na heispéiris a thabhairt daofa a chuirfeas ar a gcumas fíor-roghanna a ghlacadh agus iad a chumasú le cinntí siosmaideacha atá bunaithe ar eolas a dhéanamh.**

**Léiríonn na cuspóirí atá beartaithe tiomantas d'fhorbairt phearsanta, do rannpháirtíocht shibhialta, do ranníocaíocht eacnamaíoch, do mhaoirseacht chomhshaoil agus don fhoghlaim ar feadh an tsaoil, agus iad uilig taobh istigh de chóras a bhfuil súil aige le sármhaitheas agus nach gcuireann aon teorainn leis an mhéid is féidir le daoine óga a bhaint amach.**

# Léitheoireacht mholta

- Athbhreithniú Straitéiseach ar churaclam Thuaisceart Éireann
  - Tuairisc achomair
  - Tuairisc iomlán (caibidil 8)
  - Freagra na Roinne
- An Curaclam 2028: Páipéar achomair (caibidil 7)
- An Curaclam 2028: Na Cumais